**An Bhruiséil, 9 Márta 2017**
**(OR. EN)**

**Conclúidí ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí**

Rinne an Chomhairle Eorpach machnamh ar an doiciméad atá i gceangal leis seo. Thacaigh 27 mBallstát de chuid na Comhairle Eorpaigh leis, ach níor tháinig siad ar chomhthoil, ar chúiseanna nach mbaineann leis an ábhar.

Níor cheart go dtabharfaí le tuiscint tagairtí don Chomhairle Eorpach, agus an doiciméad atá i gceangal leis seo á léamh, mar fhormhuiniú foirmiúil ón gComhairle Eorpach ag gníomhú di mar institiúid.

## I. POIST, FÁS AGUS IOMAÍOCHAS

1. Tá toradh ar an gclár oibre don athchóiriú a chuir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit le chéile i ndiaidh ghéarchéim na bliana 2008. Tá athfhás eacnamaíoch anois i ngach ceann de na 28 mBallstát agus tá tuar misnigh ann, don limistéar euro agus don Aontas iomlán araon. Tá an ráta dífhostaíochta ar an leibhéal is ísle riamh ó 2009 i leith, bíodh is go bhfuil sé fós ró-ard, tá feabhas ag teacht ar staid an airgeadais phoiblí agus tá borradh faoi infheistíocht, cé nach leor í go fóill.

2. Tá neamhchinnteacht fós ann, áfach, agus is gá, mar sin, inbhuanaitheacht an téarnaimh a áirithiú. Chuige sin, ní mór leanúint d'athchóirithe struchtúracha a dhéanamh, athchóirithe atá dírithe ar ár ngeilleagair a nuachóiriú agus ní mór airgeadas poiblí a neartú agus infheistíocht a chur chun cinn, ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí shíneadh ama a chur go tapa le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, agus d'fhonn iarrachtaí speisialta a dhéanamh chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht sna Ballstáit ina bhfuil leibhéil shuntasacha dífhostaíochta.

3. Ag meabhrú na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé, ar mhaithe le poist, fás agus iomaíochas, margadh aonair dea-fheidhmiúil a bheith ann gona cheithre shaoirse. Le gníomhaíocht dhiongbháilte ar an gclár oibre digiteach beifear in ann leas iomlán a bhaint as an ré dhigiteach agus rachaidh an méid sin chun tairbhe na nuálaíochta. Ní mór na cinntí a glacadh cheana a chur chun feidhme go héifeachtach agus na bearnaí atá ann a líonadh trí dhul chun cinn tapa a dhéanamh ar thograí reachtacha, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2016 agus le Dearbhú Comhpháirteach an 13 Nollaig 2016 maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2017. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an cinneadh a rinne an Coimisiún aghaidh a thabhairt, san fhóram ardleibhéil le haghaidh biashlabhra a fheidhmeoidh níos fearr, ar shaincheist dhécháilíocht na mbia-ábhar ar an margadh inmheánach. Tá gníomhaíocht nithiúil ag teastáil ón Aontas Eorpach chun bonn maith, iomaíoch a chur faoin tionsclaíocht, mar a leagadh amach i gconclúidí mhí na Nollag 2016, chun margadh fuinnimh lánfheidhmiúil, idirnasctha a fhorbairt mar aon le hearnáil seirbhísí faoi rath. Rachaidh margadh aonair ar láidre é ná an margadh atá ann faoi láthair chun tairbhe gach aon duine. Tá sé mar chomhchuspóir againn, dá bhrí sin, na straitéisí éagsúla a bhaineann leis an margadh aonair a chur i gcrích agus a chur chun feidhme faoi 2018. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn i mí an Mheithimh.

4. Tá trádáil ar cheann de na hinnill fáis is cumhachtaí dá bhfuil ann, tacaíonn sí leis na milliúin post agus cuireann sí leis an rathúnas. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh dearfach a bhí ar an vóta a caitheadh i bParlaimint na hEorpa faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, agus tá sí ag tnúth lena chur i bhfeidhm sealadach, ar gearr uainn é. Is comhartha soiléir é sin agus claonadh chun caomhnaitheachta arís ann. Tá an tAontas fós an-tiomanta do bheartas láidir trádála i gcóras iltaobhach trádála atá oscailte agus bunaithe ar rialacha, agus ról lárnach ann do WTO. Ag an am céanna, ní mór don Aontas dul i muinín uirlisí nuachóirithe atá comhoiriúnach le WTO chun dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála agus saobhadh an mhargaidh. Iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfaí na tograí ábhartha go tapa i ndáil leis sin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag dul i mbun gnímh le comhpháirtithe trádála idirnáisiúnta. Mar chuid de sin, déanfaidh sé an chaibidlíocht reatha le haghaidh comhaontuithe saorthrádála uaillmhianacha cothromaithe a chur ar aghaidh go diongbháilte, lena n-áirítear le Mercosur agus le Meicsiceo; is í an chaibidlíocht leis an tSeapáin is túisce a thabharfar i gcrích. Ba cheart go neartófaí caidreamh trádála leis an tSín ar bhonn comhthuiscint ar leasanna cómhalartacha agus frithpháirteacha. Beidh an tAontas an-airdeallach i ndáil leis na príomhchaighdeáin, agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe, a urramú agus a chur chun cinn.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gur gá an t-aontas baincéireachta a chomhlánú i dtaobh rioscaí a laghdú agus a roinnt san earnáil airgeadais, san ord cuí, mar a leagtar amach i gconclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2016. Meabhraíonn sí an tábhacht a bhaineann le comhar idirnáisiúnta ó thaobh comhchaighdeáin stuamachta agus mhaoirseachta a cheapadh le haghaidh seirbhísí airgeadais.

6. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbainfeadh na saoránaigh uile tairbhe as an bhfás eacnamaíoch. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an gCruinniú Mullaigh Sóisialta do Phoist Chóra agus d'Fhás a thionólfar in Göteborg ar an 17 Samhain 2017.

7. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na réimsí tosaíochta beartas a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis, agus iarrann sí ar na Ballstáit a machnamh a dhéanamh orthu sna cláir náisiúnta um athchóiriú agus sna cláir um chobhsaíocht nó um chóineasú atá le teacht uathu. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach freisin an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

## II. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

8. Is mian leis an gComhairle Eorpach go ndéanfaí an dinimic a chruthaigh conclúidí mhí na Nollag 2016 maidir le slándáil sheachtrach agus cosaint, a choinneáil ag imeacht agus í a threisiú, de réir na bparaiméadar a leagtar amach sna conclúidí sin. Sa timpeallacht idirnáisiúnta reatha, ní mór don Eoraip tuilleadh a dhéanamh chun a cuid saoránach a chosaint agus chun cur leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht ina comharsanacht agus níos faide i gcéin, trí acmhainní leordhóthanacha breise a thiomnú, agus ar bhealaí eile, agus na dálaí náisiúnta agus na gealltanais dhlíthiúla á gcur san áireamh ag an am céanna. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an obair a rinne an Chomhairle ar an 6 Márta, a thugann forléargas leathan ar an áit a seasaimid maidir leis na saincheisteanna ar fad (struchtúir bainistithe géarchéime CBSC, buanchomhar struchtúrtha, athbhreithniú comhordaithe bliantúil ar chosaint, cumas sibhialtach a fhorbairt) agus a léiríonn go ndearnadh an-dul chun cinn i roinnt réimsí tábhachtacha. Meabhraíonn an Chomhairle freisin a riachtanaí atá sé "an tsraith chomhchoiteann tograí" le haghaidh comhar feabhsaithe le ECAT a chur chun feidhme. Ag tógáil ar an móiminteam sin, ní mór an obair a thabhairt ar aghaidh agus níos mó díograise fós ionainn agus níos mó fuadair fós fúinn. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go dtionólfar comhdháil ardleibhéil maidir le slándáil agus cosaint i bPrág ar an 9 Meitheamh 2017. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist sin i mí an Mheithimh 2017 agus tabharfar tuilleadh treorach straitéisí ina leith.

9. Tá an tAontas iomlán tiomanta i gcónaí tacú leis na Ballstáit chun an tslándáil inmheánach a áirithiú agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Tá an-dul chun cinn déanta againn i ndáil leis sin le blianta beaga anuas ach tá dúshláin gan fasach amach romhainn go fóill. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú maidir leis an togra le haghaidh córas dul isteach agus imeachta faoi mhí an Mheithimh 2017 agus dlús a chur leis an obair i ndáil leis an togra le haghaidh an chórais Eorpaigh um fhaisnéis agus údarú taistil. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, leanúint de Straitéis athnuaite slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh 2015-2020 a chur chun feidhme; déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú leanúnach ar an méid sin. Is deis é an Lá Cuimhneacháin Eorpach ar Íospartaigh na Sceimhlitheoireachta, a dhéanfar a chomóradh ar an 11 Márta, machnamh a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an méid sin.

## III. AN IMIRCE

10. Mar a léirítear sa tuarascáil ó Phríomh-Aire Mhálta, tá roinnt mhaith beart oibríochtúil a cinneadh le linn an chruinnithe neamhfhoirmiúil i Málta ar an 3 Feabhra 2017 á gcur chun feidhme faoi láthair. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean aici beart a dhéanamh de réir bhriathar i ndáil le gach gné de Dhearbhú Mhálta agus tacaíonn sí go hiomlán le hobair Uachtaránacht na Comhairle, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an Ardionadaí. Seasann sí freisin leis na gníomhaíochtaí a rinne Ballstáit aonair chun tacú le húdaráis na Libia, chomh maith lena gcuid comharsan ó Thuaisceart na hAfraice agus ó dheas ina n-iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an imirce neamhdhleathach. Comhpháirtithe tábhachtacha iad UNHCR agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce i ndáil leis sin. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ar an airdeall ar na mórbhealaí imirce go léir ionas go mbeifear in ann freagairt go tapa do gach a dtarlóidh ar na bealaí sin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Teachtaireacht ón gCoimisiún i leith Plean Gníomhaíochta Athnuaite maidir le Filleadh, a iarradh i nDearbhú Mhálta, chomh maith leis an Moladh do na Ballstáit a ghabhann léi, agus iarrann sí ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh orthu go beo. Meabhraíonn sí a riachtanaí atá sé leanúint leis an obair ar réimse de shocruithe dea-fheidhmiúla Aontais maidir le hathligean isteach le tríú tíortha.

11. Maidir leis an ngné inmheánach, is cuspóir comhpháirteach i gcónaí é prionsabail na freagrachta agus na dlúthpháirtíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí gach gné den bheartas cuimsitheach imirce, atá athléimneach ó thaobh géarchéimeanna amach anseo, a chur i gcrích, agus é d'aidhm mar chuid de seo teacht ar chomhthoil maidir le beartas tearmainn an Aontais Eorpaigh le linn na hUachtaránachta reatha.

12. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na saincheisteanna sin i mí an Mheithimh 2017.

## IV. NA BALCÁIN THIAR

13. I bhfianaise a bhfuil de dhúshláin inmheánacha agus sheachtracha roimh an réigiún sin, phléigh an Chomhairle Eorpach staid leochaileach na mBalcán Thiar, staid a mbeidh súil á coinneáil aici uirthi as seo amach. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint ar aghaidh ar bhóthar an athchóirithe agus a thábhachtaí atá dea-chaidreamh comharsanachta agus tionscnaimh chuimsitheacha don chomhar réigiúnach. D'athdhearbhaigh sí a cuid tacaíochta gan staonadh do pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar. Agus í ag cur fáilte roimh an dul chun cinn a rinne na tíortha sa réigiún, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go bhfuil an tAontas fós tiomanta agus i mbun gnímh ar gach leibhéal chun tacú leo agus athchóirithe agus tionscadail AE-dhírithe idir lámha acu.

## V. ÁBHAIR EILE

***Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh***

14. Agus an dréachtrialachán maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh tarchurtha ag 17 mBallstát de bhun Airteagal 86(1), an dara fomhír, CFAE, phléigh an Chomhairle Eorpach an dréacht agus thug sí dá haire gur comhlíonadh an coinníoll a leagtar amach i dtús Airteagal 86(1), an tríú fomhír, agus dá bhrí sin go raibh an bealach réitithe le go bhféadfaí comhar feabhsaithe a bhunú i gcomhréir le forálacha na gConarthaí.

***Uachtarán na Comhairle Eorpaí a thoghadh***

15. D'atogh an Chomhairle Eorpach Donald TUSK mar Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Meitheamh 2017 go dtí an 30 Samhain 2019.

16. Thug an Chomhairle Eorpach dá haire cinneadh Chinn Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, a bhfuil an euro mar airgeadra acu, lenar athcheapadh Donald TUSK mar Uachtarán ar Chruinniú Mullaigh an Limistéir Euro don tréimhse ón 1 Meitheamh 2017 go dtí an 30 Samhain 2019.

17. Chinn an Chomhairle Eorpach filleadh, níos déanaí sa bhliain, ar an bpróiseas, ar na critéir agus ar na cothromaíochtaí is gá maidir le ceapacháin ardleibhéil don chéad timthriall institiúideach eile.